www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Sábháilteacht ar Bhóithre, Radaighníomhaíocht agus an Domhan sa Spás

## Modúl 6

## Bonnsraith

**[GSC61]**

**DÉ hAOINE 20 BEALTAINE 2011, IARNÓIN**

GSC61

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| Marc Iomlán | |

www.xtrapapers.com


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 **(a)** Anseo thíos tá ainmneacha a bhíonn in úsáid sa staidéar a dhéantar ar an spás. Tá cur síos ar gach ainm ann chomh maith. Tarraing líne le gach ainm a mheaitseáil leis an chur síos cheart.

| **Ainm** | **Cur síos** |
|---|---|
| Bealach na Bó Finne | Réaltra |
| An Ghrian | Pláinéad |
| Úránas | Réalta |

[2]

**(b)** Taispeánann an leáráid thíos an Ghrian agus a cuid pláinéad.




**(i)** Ainmnigh an pláinéad atá lipéadaithe X.

______________________________ [1]

**(ii)** Tá gluaiseacht phláinéad **2** léirithe ar an léaráid le saighead. Marcáil gluaiseacht phláinéad **1** ar an léaráid. [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**An Domhan : An Ghealach : An Grianchóras : Réaltra**

________________________ a thugtar ar an Ghrian agus a cuid pláinéad.

Na céadta bliain ó shin, chreid na Sean-Ghréagaigh go raibh

________________________ ag croílár na cruinne. [2]

**(d)** Taispeánann an grianghraf thíos radaiteileascóp ag Jodrell Bank.



*© iStockphoto / Thinkstock*

Tá an radaiteileascóp ag iarraidh teacht ar chomharthaí raidió ó chineálacha de bheatha eachtardhomhanda.


Cad é a chiallaíonn an téarma **beatha eachtardhomhanda**?

__________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Struchtúr adaimh atá sa léaráid seo thíos.




**(a)** Ainmnigh na cáithníní atá lipéadaithe A agus B.

Roghnaigh ó:

**leictreon : núicléas : prótón : neodrón**

A ____________________

B ____________________

[2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Chuir an múinteoir ceist ar chúigear daltaí faoi radaíocht. Tá na freagraí sna bolgáin cainte seo thíos.

Seoirse: Téann sí trí pháipéar ach ní théann sí trí alúmanam.

Conall: Cuirfidh cúpla ceintiméadar aeir cosc uirthi.

Séamas: Ní chuirfidh aon rud ar bith cosc uirthi.

Máire: Is é bloc luaidhe an t-aon rud amháin a chuirfidh cosc uirthi.

Úna: Is féidir í a úsáid le dath gréine a fháil.

Ainmnigh an dalta a thug an freagra ceart le haghaidh:

**(i)** gámaradaíocht ______________________.


**(ii)** alfa-radaíocht ______________________.

**(iii)** béite-radaíocht ______________________.

[3]

www.xtrapapers.com

**(c)** Taispeánann na píchairteacha thíos cuid de na foinsí radaíochta san atmaisfeár.




© BBC Bitesize http://www.bbc.co.uk/schools/gcsebitesize/science/add_aqa/radiation/backgroundradiationrev2.shtml

**(i)** Ainmnigh an fhoinse radaíochta is mó san atmaisfeár.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh foinse amháin radaíochta arb iad daoine is cúis léi.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**cúlra : tulra : mórthimpeall**

Radaíocht ____________ a thugtar ar an méid beag radaíochta a

bhíonn san atmaisféar an t-am ar fad. [1]

**(d)** Luaigh éifeacht dhochrach **amháin** a bhaineann le radaíocht.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

**3** **(a)** Anseo thíos tá faisnéis ar an fhad coscánaithe i ndálaí fliucha agus dálaí tirime faoi luasanna difriúla.

| **Luas/msu** | **Fad coscánaithe/m** | |
|---|---|---|
| | **tirim** | **fliuch** |
| 20 | 6 | 12 |
| 30 | 14 | 27 |
| 40 | 24 | 49 |

**(i)** Comhlánaigh an bharrachairt seo thíos leis an fhad coscánaithe i ndálaí **fliucha** a thaispeáint.




[2]

**(ii)** An fhaisnéis thuas in úsáid agat, luaigh cad é mar a bhíonn an fad coscánaithe ag athrú agus é ag cur báistí.

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**(iii)** Cén éifeacht, má bhíonn éifeacht ar bith ann, a bhíonn ag bóthar fliuch ar an fhad smaointeoireachta?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Má bhíonn timpiste cairr ann, is féidir go mbuailfidh ceann an tiománaí an roth stiúrtha agus go ngortófar go dona é/í. Ainmnigh dhá ghné shábháilteachta a fhágann nach mbuailfidh ceann an tiománaí an roth stiúrtha.

1. _______________________________________________


2. _______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** **(a)** Taispeánann an léaráid thíos ceithre fhórsa a bhíonn ag feidhmiú ar dhuine atá ag rothaíocht.




© *iStockphoto / Thinkstock*

**(i)** Cé acu litir (**A**, **B**, **C** nó **D**) a sheasann do mheáchan an rothaí?

_____________ [1]

**(ii)** Cé acu litir (**A**, **B**, **C** nó **D**) a sheasann don fhrithchuimilt ar an rothaí?

_____________ [1]

**(iii)** Abair go bhfuil fórsa **A** cothrom le fórsa **C**. Cuir síos ar ghluaisne an rothaí ansin.

_____________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Tá faisnéis sa tábla thíos ar na fórsaí frithchuimilte a bhíonn ag feidhmiú agus duine ag rothaíocht. Is féidir go mbeidh frithchuimilt ina **cuidiú** nó ina **cosc**. Comhlánaigh an tábla thíos trí cheachtar acu cuidiú nó cosc a scríobh le haghaidh gach cuir síos.

| Cur síos | Cuidiú nó Cosc |
|---|---|
| Frithchuimilt ar an rothaí ón aer | |
| Frithchuimilt ar fhonsa an rotha agus na coscáin i bhfeidhm | |
| Frithchuimilt ar na cosa ó na troitheáin | |
| Frithchuimilt ar an bhonn ón bhóthar | |

[2]


www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Téann rothaí 30 m in 4 shoicind.

Stopann sé ansin go ceann 6 shoicind.

I ndiaidh dó stopadh, téann sé 70 m eile in 10 soicind.




**(i)** Úsáid an fhaisnéis thuas leis an ghraf faid ar am a chomhlánú. [2]

**(ii)** Úsáid an chothromóid thíos le luas an rothaí sna chéad cheithre shoicind a ríomh:

$$\text{luas} = \frac{\text{fad}}{\text{am}}$$


Taispeáin do chuid oibre.

_______________ m/s [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Taispeánann an léaráid thíos an méid fuinnimh leictrigh atá in dhá lampa dhifriúla (**A** agus **B**) le 5 ghiúl d'fhuinneamh solais úsáideach a tháirgeadh in aghaidh an tsoicind.




© iStockphoto / Thinkstock © Stockbyte / Thinkstock

**(a)** Ainmnigh an cineál fuinnimh atá á chur amú ag na lampaí.

______________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** **(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma éifeachtúlacht?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Úsáid an chothromóid:

$$\text{éifeachtúlacht} = \frac{\text{aschur fuinnimh úsáideach}}{\text{ionchur fuinnimh iomlán}}$$

le héifeachtúlacht **lampa A** a ríomh.

Taispeáin do chuid oibre.

Éifeachtúlacht = ______________ [2]

**(c)** An fhaisnéis agus do chuid eolais féin in úsáid agat, mínigh ina iomláine cad é mar a rachadh sé chun tairbhe don timpeallacht lampa A a úsáid de rogha ar lampa B.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

**6** Tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag eolaithe cá mhéad breosla iontaise atá fágtha sa domhan. Anseo thíos tá ceithre ráiteas ar na stoic ghuail agus ola.

- In 2010 rinne eolaithe amach go raibh tuairim is 181 billiún tona ola fágtha
- In 2010 rinne eolaithe amach go raibh tuairim is 847 billiún tona guail fágtha
- Mairfidh soláthar guail an domhain tuairim is 119 bliain
- Mairfidh soláthar ola an domhain tuairim is le 47 bliain

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** **(i)** Úsáid an fhaisnéis le meastachán a dhéanamh ar cén bhliain a mbeidh soláthar guail an domhain ídithe.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Tá sé deacair a réamh-mheas cá fhad a mhairfidh na stoic ghuail agus ola.
Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(b)** Rinneadh amach go bhfuil tuairim is 700 milliún tona ligníte sa cheantar thart ar Bhaile Monaidh.

**(i)** Is féidir go mbeidh sé ina bhuntáiste an lignít sa cheantar seo a bhaint.
Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** as lignít a bhaint sa cheantar thart ar Bhaile Monaidh.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(c)** Mínigh ina hiomláine an dóigh a mbíonn breoslaí iontaise á bhfoirmiú.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.